1.

Tá sé dorcha.	It's dark.
Níl sé dorcha.	It's not dark.
An bhfuil sé dorcha?	Is it dark?
Nach bhfuil sé dorcha?	Isn't it dark?
Tá.	Yes (is).
Níl.	No (isn't).
geal / dorcha	bright / dark
te / fuar / tirim / fliuch	hot / cold / dry / wet
scamallach / grianmhar / gaofar	cloudy / sunny / windy

2.

Tá an bord mór.	The table is large.
Níl sé beag.	It isn't small.
mór / beag / trom / éadrom	large / small / heavy / light
glan / salach	clean / dirty
blasta / gránna / milis / géar	tasty / nasty / sweet / sour

3.

Cá bhfuil an foclóir?	Where is the dictionary?
Tá sé ar an mbord.	It's on the table.
anseo / ansin / istigh / amuigh	here / there / inside / outside
ar an mbord / ar an bpláta	on the table / on the plate
ar an urlár / ar an díon	on the floor / on the roof
faoin mbord / faoin mbosca	under the table / under the box
sa bhosca / sa chupán	in the box / in the cup
(sa mbosca / sa gcupán)	
sa mhála / sa chistin	in the bag / in the kitchen
(sa mála / sa gcistin)	
sa bhaile (sa mbaile)	at home

4.

Cén dath atá ar an mbord?	What color is the table?
Tá dath donn air.	It's brown.
dubh / bán / liath / donn / buí	black / white / gray / brown / yellow
gorm / glas / dearg / corcra / bándearg	blue / green / red / purple / pink

Comhrá 1
A: An bhfuil sé *scamallach* inniu?
B: *Níl. Tá sé grianmhar.*

Conversation 1
Is it cloudy today?
No. It's sunny.

Comhrá 2
A: An bhfuil an bord mór?
B: Tá. Tá sé mór.
A: An bhfuil sé glan?
B: Níl. Tá sé salach.

Conversation 2
Is the table large?
Yes. It's large.
Is it clean?
No. It's dirty.

Comhrá 3
A: Cá bhfuil an *leabhar*?
B: Tá sé *sa bhosca*.
A: An bhfuil an *bosca* *sa chistin*?
B: Níl. Tá sé *faoin mbord*.

Conversation 3
Where's *the book*?
It's *in the box*.
Is *the box* *in the kitchen*?
No. It's *under the table*.

Comhrá 4
A: Cá bhfuil an buidéal?
B: Níl a fhios agam. Cén dath atá air?
A: Tá dath glas air.
B: Nach bhfuil sé sa chistin?

Conversation 4
Where is the bottle?
I don't know. What color is it?
It's green.
Isn't it in the kitchen?

Comhrá 5
A: Dia duit.
B: Dia is Muire duit.
A: Conas atá tú?
B: Tá mé fuar.
A: Tá sé fuar inniu.
B: Tá, ach tá sé tirim.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith, le do thoil.
A: Seo duit.
B: An bhfuil siúcra agat?
A: Tá. Tá siúcra agus bainne ar an mbord.
B: Go raibh maith agat.
A: Fáilte.

Conversation 5
Hello.
Hello.
How are you?
I'm cold.
It's cold today.
Yes, but it's dry.
Would you like a cup of tea?
Yes [I would], please.
Here you go.
Do you have sugar?
Yes. There is sugar and milk on the table.
Thank you.
You're welcome.

Obair Bhaile / Homework

Freagair na ceisteanna le do chuid freagraí féin.
Answer the questions with your own answers.

Mar shampla (for example):
Ceist (question): An bhfuil sé fliuch amuigh? (Is it wet outside?)
Freagra (response): *Níl. Tá sé tirim.* (No. It's dry.)

1. An bhfuil sé dorcha anois? (Is it dark now?)

   _____

2. An bhfuil do theach mór? (Is your house big?)

   _____

3. An bhfuil do bhord salach? (Is your table dirty?)

   _____

4. Cén dath atá ar do theach? (What color is your house?)

   _____

5. Cén dath atá ar do léine? (What color is your shirt?)

   _____